









# POBAIL A CHEILIÚRADH TRÍ CHRUTHAITHEACHT

## Straitéis Ealaíon Uíbh Fhailí 2024–2028


*Arna hullmhú ag John O'Brien agus an Dr. Sally O'Leary*

Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

the arts council
an chomhairle ealaíon
funding the arts



*Seoladh Oíche Chultúir, grianghrafadóireacht le Paul Moore*




*Ealaín sa Tírdhreach – Féile an Athraithe, Léirithe Pobail Tionól, grianghrafadóireacht le Paul Moore*



*Faoin Spéir, Taobh Thiar de na Ballaí Seo, suiteán le Caroline Conway, grianghrafadóireacht le Clare Dunne*

# CLÁR ÁBHAR


| | |
|---|---|
| Brollach | 3 |
| Réamhrá | 4 |
| Físráiteas | 8 |
| Misean | 9 |
| Bunluachanna | 10 |
| Tosaíochtaí | 11 |
| Spriocanna, Cuspóirí agus Gníomhartha Beartaithe 2024-2028 | 12 |
| Cumas | 12 |
| Comhoibriú | 19 |
| Cumarsáid | 20 |
| Cur i bhFeidhm | 22 |
| Conclúid | 23 |
| Buíochas | 23 |


Front cover photo credits:
Oíche Chultúir Éadan Doire, Eden Chorale, grianghrafadóireacht le Yvonne Cole Dupuis
*Bróga Gloine*, coimisiún ealaíne le Michelle O'Donnell, Éadan Doire, grianghrafadóireacht le Michelle O'Donnell
Hullabaloo! Féile Ealaíon Pháistí Uíbh Fhailí, grianghrafadóireacht le Paul Moore
Ealaín sa Tírdhreach – Féile an Athraithe, taibhléiriú le Hardeep Singh Sahota, grianghrafadóireacht le Evin O'Toole
*Cruinne*, Géisill, Ealaín Phoiblí, le Holger Lönze, grianghrafadóireacht le Holger Lönze

# BROLLACH



**An Comhairleoir Eddie Fitzpatrick,**
Cathaoirleach, Comhairle Chontae Uíbh Fhailí

Mar sholáthar de sheirbhís ealaíon phoiblí, cuireann Comhairle Chontae Uíbh Fhailí riachtanais mhuintir Uíbh Fhailí i gcroílár na straitéise, le go mbeidh tionchar níos mó agus níos doimhniú ag na healaíona ar dhaoine trí thacú le taithí ardcháilíochta ar na healaíona ag shaoránaigh Uíbh Fhailí agus ag cuairteoirí chuig an gcontae.

Is é *Pobail a Cheiliúradh trí Chruthaitheacht 2024-2028* an cúigiú straitéis ealaíon arna forbairt ag Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí. Déantar ceiliúradh sa straitéis ar an obair atá á déanamh ag muintir Chontae Uíbh Fhailí mar ealaíontóirí gairmiúla, mar dhaoine atá an-tugtha do na healaíona, mar oibrithe deonacha agus mar shaoránaigh le scór bliain anuas, agus cuirtear leis an obair sin. Is obair í sin a dhéantar i gcomhoibriú leis an Oifig Ealaíon, leis an Údarás Áitiúil níos leithne agus le hionadaithe tofa, agus le gníomhaireachtaí náisiúnta agus leis an rialtas.

Bíonn tionchar ag beartais áitiúla agus náisiúnta ar an gcomhoibriú sin – lena n-áirítear Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2023 -2028 de chuid Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh 2016 -2025 de chuid na Comhairle Ealaíon agus Cultúr 2025 - Éire Ildánach: Creatbheartas Náisiúnta Cultúir go dtí an bhliain 2025. Déanann an Oifig Ealaíon cuspóirí agus ceanglais na mbeartas sin agus bheartais ábhartha eile a bhaint amach, agus tugann freagairt agus tacaíocht d'obair chruthaitheach mhuintir Uíbh Fhailí ina mbailte agus ina bpobail, ag oibriú le chéile chun cur le folláine ár sochaí.

Cuid lárnach den fhorbairt sin is ea an comhoibriú agus dá bhrí sin is mian linn buíochas faoi leith a ghabháil le gach duine a thug a gcuid ama dúinn le linn an phróisis chomhairliúcháin a bhí ríthábhachtach chun an straitéis seo a scríobh.



**Anna-Marie Delaney,**
Príomhfheidhmeannach, Comhairle Chontae Uíbh Fhailí

Leagtar straitéis amach i *Pobail a Cheiliúradh trí Chruthaitheacht* chun leanúint ar aghaidh leis an bhforbairt ar na healaíona i gContae Uíbh Fhailí don tréimhse 2024-2028 agus chun tacú leo.

Aithnítear an tionchar mór a bhíonn ag rannpháirtíocht sna healaíona ar fholláine an duine aonair agus na sochaí i gcoitinne sa straitéis seo, agus mar sin beidh tionchar na straitéise féin le brath ag muintir uile Uíbh Fhailí. Sa straitéis seo, sainaithneofar aon mhíbhuntáiste a bhaineann le hinscne, cine, cumas, taithí, geografaíocht, nó aon toisc eile a d'fhéadfadh rannpháirtíocht a chosc nó cur isteach uirthi. Féachfar le dul i ngleic le haon mhíbhuntáiste nó toisc den sórt sin agus spreagfaimid ár gcuid comhpháirtithe, cliant agus páirtithe leasmhara eile chun an rud céanna a dhéanamh.

Tá an straitéis ceaptha aitheantas a thabhairt don raon éagsúil cleachtas ealaíon agus rannpháirtíocht sna healaíona sa chontae agus meas a léiriú orthu. Tá sí bunaithe ar ár dtuairim láidir go bhfuil pobal rathúil ealaíon lárnach chun mórtas áite uathúil an chontae a chothú agus a shaibhriú, agus tá mar aidhm léi a chinntiú go mbeidh na healaíona ina ngné lárnach dúinn i gcónaí.

Tá oidhreacht agus cultúr saibhir ag muintir Uíbh Fhailí, agus tá a gcur in iúl trí na healaíona agus ag ár n-ealaíontóirí ríthábhachtach chun ár bpobal agus réigiún níos leithne Lár Tíre a fhorbairt.

Thar ceann Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí , molaimid go mór an straitéis ealaíon cúig bliana seo agus sinn ag ceiliúradh ár bpobail trí chruthaitheacht.

*"Conas a d'fhéadfadh an Oifig Ealaíon í féin a shuíomh chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an acmhainneacht, na cumais agus na hacmhainní atá ar fáil, agus chun an fhreagairt is fearr is féidir a thabhairt ar riachtanais ealaíontóirí, eagraíochtaí ealaíon agus leasanna pobail sa chontae?"*

# RÉAMHRÁ

## Cúlra

Bhí na doiciméid seo a leanas mar bhonn eolais don straitéis seo: *Straitéis Bonneagair Ealaíon Uíbh Fhailí 2023 -2028, Todhchaí na Scannánaíochta in Uíbh Fhailí – Athbhreithniú ar Scannánaíocht Uíbh Fhailí* (2023), *The Makings: Fostering Youth Creativity* (2020), agus tuarascálacha a scríobhadh faoin scéim Cuireadh chun Comhoibriú, is é sin *Art in the Landscape* (2020) and *Mapping Arts and Health Across the Midlands* (2021), chomh maith le roinnt tuarascálacha neamhspleácha, lena náirítear *Seeing The Beyond* (2020), *Local Film Needs Analysis* (2020) agus *Review and Assessment of the current promotional resources of FilmOffaly* (2019).

Ina theannta sin, rinneadh clár caidrimh agus comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, le tacaíocht ón Oifig Ealaíon agus faoina stiúir, le linn Fómhair 2023. San áireamh sa chlár sin bhí sraith agallamh leathstruchtúrtha, ceithre cheardlann phoiblí i mBiorra, sa Tulach Mhór agus in Éadan Doire, suirbhé ar líne agus sraith cheardlann inmheánach, arna n-éascú ag sainchomhairleoir neamhspleách.

Tríd an gcur chuige sin a ghlacadh, bhíomar in ann féachaint ar an dúshlán straitéiseach mar: "Conas a d'fhéadfadh an Oifig Ealaíon í féin a shuíomh chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an acmhainneacht, na cumais agus na hacmhainní atá ar fáil, agus chun an fhreagairt is fearr is féidir a thabhairt ar riachtanais ealaíontóirí, eagraíochtaí ealaíon agus leasanna pobail sa chontae?"

Tá an cur chuige sin i gcomhréir le *Plean Gníomhaíochta an Rialtais chun Seirbhísí Poiblí Níos Fearr a Dhearadh* (An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe 2023). Tá na mionsonraí ar fad maidir leis an taighde agus caidreamh ina leith le fáil sa doiciméad *Straitéis Ealaíon Uíbh Fhailí a Dhearadh 2024 -2028.*

# Prionsabail Threoracha

Tá sraith uathúil dúshlán ag baint le Straitéis a Dhearadh do na hEalaíona, go príomha mar gheall gur féidir leis an bhfrása 'na hEalaíona' a bheith míthreorach. Frása simplí is ea é, ach tá na gníomhaíochtaí a thugann sé le tuiscint comhdhéanta d'éiceachóras casta áiteanna agus daoine, ardaidhmeanna agus ionchais, uaillmhianta agus srianta. Is é an cur chuige is fearr chun straitéis a dhearadh do chóras chomh casta sin ná a bheith ag obair leis an gcóras seachas air; a bheith solúbtha, freagrach agus tacúil de réir mar a thagann smaointe, deiseanna agus ardaidhmeanna chun cinn. Mar a deirtear sa *Phlean Gníomhaíochta chun Seirbhísí Poiblí Níos Fearr a Dhearadh*:

"Is mó ná riamh é an gá le bheith duine-lárnach, comhchruthú agus nuálaíocht sa tseirbhís phoiblí. Trí mheon deartha a ghlacadh, beimid i riocht mhaith chun dul i ngleic leis an dúshlán sin agus cuirfear bun láidir faoi thodhchaí uilechuimsitheach níos fearr agus níos éifeachtúla" (Rialtas na hÉireann, 2023, lch. 8, aistriúchán neamhoifigiúil)

I gcomhréir le bunphrionsabail na Smaointeoireachta Deartha, tá an straitéis seo bunaithe ar na comhairliúcháin phoiblí fhairsinge agus saindírithe a rinneadh, ar an taighde a bhí mar bhonn eolais do na tuarascálacha thuasluaite agus ar na moltaí a d'eascair astu.

Leagadh amach an straitéis chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus ar na deiseanna a tháinig chun cinn agus chun freagairt dóibh, agus le bheith solúbtha a dhóthain chun freagairt do na dúshláin agus do na deiseanna a thiocfaidh chun cinn le linn shaolré an phlean seo.





*Ealaíona na hEascrach, grianghrafadóireacht le Paul Moore*



*Midland Mother Myth Memory Rita Duffy Exhibition Paul Moore*

# Torthaí

Leis an taighde, na comhairliúcháin, an suirbhé, na haighneachtaí i scríbhinn, agus na ceardlanna poiblí ar fad a rinneadh, díríodh aird ar thrí shnáithe den earnáil ealaíon nach mór díriú orthu: Cumas, Comhoibriú and Cumarsáid.




Sainaithníodh na riachtanais seo a leanas laistigh de na trí shnáithe sin:

*1. Cumas* – gá le cumas a fhorbairt i measc an phobail ealaíontóirí, oibrithe deonacha, ionaid, eagraíochtaí, féilte agus san Oifig Ealaíon féin. Áirítear air sin an gá le baill foirne, ionaid, caidreamh níos fearr leis an bpobal agus scileanna margaíochta ar fud na hearnála.

*2. Comhoibriú* – gá le hoibriú le chéile ar fud na hearnála ealaíon chun comhpháirtíochtaí agus infheistíochtaí nua a fhorbairt, chun eolas agus scileanna a roinnt, agus chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil.

*3. Cumarsáid* – gá le cainéil chumarsáide shoiléire agus éifeachtacha a fhorbairt ionas go mbeidh rochtain ar fhaisnéis faoi mhaoiniú agus tacaíochtaí, ionas gur féidir teacht ar chomhairle agus meantóireacht an t-am ar fad, ionas gur féidir le hionaid, féilte agus eagraíochtaí lucht spéise níos leithne a aimsiú agus caidreamh a dhéanamh leo, agus ionas go ndéanfar méid agus tionchar na hearnála ealaíon níos leithne sa chontae a chur san áireamh agus a chur i láthair.

Tá na trí ghné sin idirnasctha le chéile. Aon aird a thabharfar ar cheann amháin díobh, beidh tionchar aige sin ar an bpéire eile. Mar shampla, is féidir linn Cumas na hearnála ealaíon níos leithne a fhorbairt trí Chomhoibriú níos mó agus níos fearr, rud a éileoidh athruithe ar an mbealach a ndéanaimid Cumarsáid lena chéile. Oibríonn an próiseas sin san ord contrártha freisin – má chuirimid feabhas ar Chumarsáid idir eagraíochtaí agus ar fud an Údaráis Áitiúil, féadfaidh Comhoibriú níos mó agus níos fearr teacht as sin, as a leanfaidh Cumas faoi fhorás.

| Snáithe | Gníomh | Torthaí |
|---|---|---|
| *Cumas* | Bealaí nuálacha a dhearadh chun na hacmhainní eolas, scileanna agus infheistíocht a mhéadú. | Méadú ar an gCumas ar feadh na hearnála ealaíon sa chontae. |
| *Comhoibriú* | Líonraí a thógáil, comhpháirtíochtaí a éascú, agus eolas agus scileanna a roinnt. | Comhoibriú éifeachtach idir an earnáil ealaíon agus na pobail éagsúla sa chontae, agus idir an earnáil agus comhpháirtithe seachtracha i ngnó, turasóireacht, sláinte agus oideachas. |
| *Cumarsáid* | Nascadh go héifeachtach agus go straitéiseach leis na páirtithe leasmhara uile chun Comhoibriú, Cumas, agus rannpháirtíocht leathan a bhrú chun cinn. | Cumarsáid níos fearr i measc na bpáirtithe leasmhara ar fad chun tacú le comhoibriú éifeachtach ar feadh an phobail níos leithne agus chun cumas agus ábaltacht a chothú. |

Cuireadh in iúl leis an taighde na cineálacha gníomhartha nach mór don Oifig Ealaíon díriú orthu chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na riachtanais sna snáitheanna, agus chun torthaí inmhianaithe na ngníomhartha sin a bhaint amach:

Leis an gcreat straitéiseach sin, suitear an Oifig Ealaíon mar chomhpháirtí straitéiseach i bhforbairt na hearnála ealaíon níos leithne. Ciallaíonn sé sin gurb é an toradh ar an straitéis seo a bhaint amach:

*Obair na hOifige Ealaíon a athrú go dtí feidhm níos straitéisí agus níos cumasaithe*. Díreoidh an Oifig Ealaíon ar thacú le healaíontóirí, príomhbhonneagair ealaíon, eagraíochtaí agus pobail chun a n-acmhainneacht a bhaint amach, agus chun tosaíochtaí straitéiseacha Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí a bhaint amach.

*Próiseas comhoibríoch éifeachtach agus foirmiúil idir rannóga inmheánacha a fhiosrú*. Beidh an próiseas sin bunaithe ar fhiosrú ar an tsamhail a úsáideann an Mheitheal um Ealaíona Poiblí an foireann Éire Ildánach agus beidh an Plean Gníomhaíochta an Rialtais chun Seirbhísí Poiblí Níos Fearr a Dhearadh mar bhonn eolais dó. Le Comhoibriú méadaithe, cinnteofar go bhféadfaidh na hEalaíona leas iomlán a bhaint as deiseanna agus go mbeidh siad lánpháirtithe go hiomlán ar feadh na rannóg.

# FÍSRÁITEAS

*Is é fís uileghabhálach Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí ná go mbeidh earnáil ealaíon sa chontae a bheidh bríomhar agus luachmhar, agus lánpháirtithe i saolta na ndaoine ar fud an chontae.*

*Beidh ról lárnach ag an Oifig Ealaíon i bhforbairt leanúnach na n-ealaíon sa chontae, comhoibriú le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíon chun saothar luachmhar a chruthú agus a chur i láthair, agus tacú le gach earnáil den tsochaí chun a bpobail a cheiliúradh trí na healaíona.*





Ealaín sa Tírdhreach – Féile an Athraithe, Taibhléiriú Solais agus Damhsa le Hardeep Singh Sahota i bPáirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí, Dealbh: 60 Céim, Kevin O'Dwyer, grianghrafadóireacht le Tim Smith

# MISEAN

*Ár Misean, laistigh de chreat ama na straitéise seo, ná chun cumas a fhorbairt, chun comhoibriú lenár bpáirtithe leasmhara agus chun cainéil chumarsáide shoiléire agus éifeachtacha a fhorbairt san earnáil ealaíon uile in Uíbh Fhailí.*

# Bunluachanna

Tá bunluachanna an Údaráis Áitiúil mar bhonntaca leis an straitéis seo agus is iad a chuirfidh cur i bhfeidhm na straitéise chun cinn.

ÉAGSÚLACHT: Feidhmeoidh Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí i gcomhréir le hAirteagal 27 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine[1] agus tacóidh sí le héagsúlacht de gach cineál ar fud earnáil ealaíon Uíbh Fhailí, lena n-áirítear:

- Éagsúlacht ó thaobh an chleachtais de – trí thacú le raon leathan seánraí ealaíonta agus na bealaí éagsúla atá ann chun saothar a chruthú;
- Éagsúlacht ó thaobh deiseanna de – a chinntiú go mbeidh daoine de gach cúlra, cumas agus aois in ann páirt a ghlacadh sna healaíona agus rochtain a fháil orthu;
- ●Éagsúlacht ó thaobh áite de – imeachtaí ealaíon a chumasú i suíomhanna tuaithe agus uirbeacha.

COMHOIBRIÚ: Beidh pleanáil don fhorbairt ealaíon sa chontae bunaithe ar shamhail de chomhoibriú, oibriú i gcomhar agus comhpháirtíocht. Ní tharlaíonn cleachtas ealaíon agus gníomhaíochtaí ealaíon astu féin: freagraíonn siad do ghnéithe éagsúla i saol na ndaoine. Le comhoibriú trasearnála agus idir-earnála, is féidir daoine a aimsiú leis na healaíona agus tugtar rochtain do na daoine orthu, rudaí a chuireann le cáilíocht an eispéiris do dhaoine i suíomhanna éagsúla.

NUÁLAÍOCHT: Forbróimid bealaí nua, cruthaitheacha agus éagsúla chun seirbhísí a chur ar fáil, freagróimid do dhúshláin agus do dheiseanna, agus tacóimid le nuálaíocht sa chleachtas.

INBHUANAITHEACHT: Freastalóimid ar riachtanais reatha seachas cur isteach ar chumas na nglúnta amach romhainn freastal ar a riachtanais féin.

BRÓID: Táimid bródúil as ár muintir agus as ár n-áiteanna agus déanfaimid Uíbh Fhailí a chur chun cinn go rathúil.

TRÉDHEARCACHT: Déanfaidh an Oifig Ealaíon a gnó ar bhealach oscailte agus trédhearcach ionas go gcuirfear saoránaigh agus ealaíontóirí Uíbh Fhailí ar an eolas faoi dheiseanna, gníomhaíochtaí agus imeachtaí go tráthúil.



*Bróga Éadan Doire, Éadan Doire Cruthaitheach, grianghrafadóireacht le Veronica Nicholson*

*1. Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, Airteagal 27.1: Tá ag gach aon dhuine an ceart páirt a ghlacadh gan chosc i saol cultúrtha an phobail, tairbhe a bhaint as na healaíona agus páirt a ghlacadh i gcur chun cinn na h-eolaíochta agus a sochair.*

# Tosaíochtaí

Tháinig roinnt gníomhartha tosaíochta chun cinn ón bpróiseas comhairliúcháin, lena n-áirítear:

- Tacú le forbairt agus le cur i bhfeidhm na Straitéise Bonneagair Ealaíon, lena n-áirítear tacaíocht d'fhorbairt Chúirt Chruthaitheach Bhiorra mar chuid de cheathrú cultúir do Bhiorra
- Tacú le forbairt ar FilmOffaly
- Tacú le forbairt ar na hEalaíona agus an tSláinte agus ar Anam Beo
- Oibriú i gcomhpháirtíocht chun soláthar d'Ealaíona na nÓg sa chontae a fhorbairt
- Tacú le forbairt ar ealaíontóirí gairmiúla a chónaíonn agus a oibríonn sa chontae
- Tacú le forbairt ar rannpháirtíocht uilechuimsitheach an phobail sna healaíona ar fud an chontae
- Oibriú i gcomhpháirtíocht chun feabhas a chur ar chumarsáid san earnáil ealaíon agus idir an earnáil agus an iliomad pobal éagsúil sa chontae.

Leanfaimid orainn ag oibriú leis na páirtithe leasmhara uile chun dul chun cinn a dhéanamh ar na tosaíochtaí sin le linn shaolré na straitéise seo.



*Hullabaloo! Féile Ealaíon Pháistí Uíbh Fhailí, grianghrafadóireacht le Paul Moore*




*Ealaíona na hEascrach, grianghrafadóireacht le Paul Moore*


# SPRIOCANNA, CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA BEARTAITHE2024 – 2028

Tá ardaidhm leis na spriocanna sonracha uile agus braitheann siad ar acmhainní maoinithe a bheith ar fáil. Tá triúir ag obair san Oifig Ealaíon faoi láthair, Oifigeach Ealaíon, Oifigeach Ealaíon Cúnta agus Riarthóir. Braithfidh cur i bhfeidhm foriomlán na straitéise seo ar acmhainní foirne don Oifig Ealaíon a mhéadú. Chuige sin, déanfaimid:

- Fiosrú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le ball foirne nó baill foirne nua a fhostú chun réimsí sonracha riachtanas a bhainistiú agus soláthar a dhéanamh dóibh, cuir i gcás FilmOffaly agus Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon.
- Fiosrú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le deiseanna maoinithe chun ball foirne breise a fhostú chun freagracht a ghlacadh as cláreagrú sa spás ealaíon i Leabharlann nua Éadan Doire.

## 1. Cumas

**CUSPÓIR 1.1:** Chun cumas a fhorbairt laistigh den Oifig Ealaíon mar sprioc oibríochtúil inmheánach agus chun cumas a fhorbairt trí oibriú le comhpháirtithe seachtracha ar fud na hearnála ealaíon in Uíbh Fhailí.




*Ealaín sa Tírdhreach – Féile an Athraithe, Bailiúchán Smaointe, íomhá cruthaithe ag Gary Dempsey*

| | Spriocréimsí nó Spriocghrúpaí | Gníomh | Sprioc | Comhpháirtithe Féideartha |
|---|---|---|---|---|
| 1.1.1 | Ealaíon Phoiblí | Beartas Ealaíon Poiblí a chruthú don chontae, i gcomhréir le Treoirlínte Náisiúnta. | Tuilleadh deiseanna d'ealaíontóirí, eagraíochtaí ealaíon agus pobail chun tairbhe a bhaint as an Ealaín Phoiblí. | An Chomhairle Ealaíon; Meitheal an Údaráis Áitiúil um Ealaíona Poiblí. |
| 1.1.2 | FilmOffaly | Plean 3–5 bliana a fhorbairt bunaithe ar na torthaí agus moltaí sa tuarascáil *The Future of Film in Offaly Report* 2023. | Samhail ghnó inbhuanaithe le haghaidh FilmOffaly. | An Chomhairle Ealaíon; Bord FilmOffaly; Oifig Fiontair Áitiúil; an Earnáil Scannánaíochta áitiúil agus náisiúnta. |
| 1.1.3 | Ealaíona na nÓg | Leanúint ar aghaidh ag tacú le coimisiúin Ealaíona na nÓg, le Féile Ealaíon do Leanaí Hullabaloo, agus le Mini Movies | Níos mó daoine óga rannpháirteach sna healaíona ar fud an chontae. | An Chomhairle Ealaíon; Dhaoine Óga agus Seirbhísí don Óige; Ionaid Ealaíon Uíbh Fhailí. |
| 1.1.4 | Na hEalaíona agus an tSláinte | Leanúint ar aghaidh ag tacú le hAnam Beo leis an bhfás agus leis an éagsúlú atá ar bun acu faoi láthair. | Níos mó gníomhaíochta inbhuanaithe ealaíon agus sláinte ar fud an chontae. Déanfar samhail dheachleachtais de na hEalaíona agus an tSláinte in Uíbh Fhailí. | An Chomhairle Ealaíon; Anam Beo; FSS. |
| 1.1.5 | Straitéis Bonneagair Ealaíon Uíbh Fhailí 2023 – 2028 | Na moltaí i Straitéis Bonneagair Ealaíon Uíbh Fhailí 2023 –2028 a chur i bhfeidhm. | Cur chuige láidir comhordaithe agus comhoibríoch ar an gcláreagrú ealaíon a chuirtear ar fáil ar fud an chontae, as a leanfaidh níos mó feasachta faoi na hEalaíona in Uíbh Fhailí. | An Chomhairle Ealaíon; Ionaid Ealaíon Uíbh Fhailí; Bord na Móna. |


*Oíche Chultúir, Amharclann agus Ionad Ealaíon Bhiorra, grianghrafadóireacht le Deema Feehan*


*Coimisiún le hEalaíontóir Óg, Glúin Cheoil Uíbh Fhailí, i gcomhar leis an Ealaíontóir Cónaitheach, Tolu Makay, Coláiste Thulach Mhór, grianghrafadóireacht le Ger Relph*


*Ceolchumann Chlóirthigh, First Date le Recks Audio, grianghrafadóireacht le Derek Recks*

| | Spriocréimsí nó Spriocghrúpaí | Gníomh | Sprioc | Comhpháirtithe Féideartha |
|---|---|---|---|---|
| 1.1.6 | Ionad Amharclan-naíochta agus Ealaíon Bhiorra (BTAC) | Leanúint d'acmhainní agus tacaíocht a chur ar fáil d'Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra agus dá chlár oibre bríomhar. | Tuilleadh deiseanna d'ealaíontóirí, níos mó rannpháirtíochta ag an bpobal. | An Chomhairle Ealaíon; Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra (BTAC). |
| 1.1.7 | Esker Arts | Samhail ardcháilíochta rialachais agus rannpháirtíochta pobail fhorbairt. Acmhainní a chur ar fáil chun tacú lena clár oibre bríomhar. | Áis ealaíon agus chultúir atá bríomhar agus dea-rialaithe, a fhreastalaíonn ar mhuintir Uíbh Fhailí agus a ardaíonn próifíl an chontae go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta. | An Chomhairle Ealaíon; Esker Arts. |
| 1.1.8 | Spás Ealaíon agus Stiúideonna Éadan Doire le Leabharlann Éadan Doire | Leanúint ar aghaidh ag oibriú i gcomhar le Seirbhís Leabharlainne Uíbh Fhailí chun Spás Ealaíon agus Stiúideonna a fhorbairt d'Éadan Doire. | Spás ealaíon agus stiúideonna in Éadan Doire, a mbainfidh ealaíontóirí agus an pobal úsáid mhaith astu, as a leanfaidh méadú ar rannpháirtíocht i gcúrsaí ealaíon agus cultúir don bhaile agus don cheantar. | Rannóga uile Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí agus Seirbhís Leabharlainne Uíbh Fhailí; Áiteanna Cruthaitheacha Éadan Doire. |
| 1.1.9 | Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí | Leanúint den Mheabhrán Comhaontaithe idir BNM agus Comhairle Chontae Uíbh Fhailí a chur i bhfeidhm chun Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí a fhorbairt. Oibriú chun comhaontú nua a fhorbairt idir an dá pháirtí leasmhar ón mbliain 2025 i leith. | Aithnítear Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí mar áis atá tábhachtach ar bhonn náisiúnta | An Chomhairle Ealaíon; Bord na Móna; Éire Ildánach. |
| 1.1.10 | Cúirt Chruthaitheach Bhiorra | Oibriú i gcomhpháirtíocht le Biorra 2020 chun coincheap a fhorbairt le haghaidh Chúirt Chruthaitheach Bhiorra. | Spás chruthaitheach inrochtana i mbaile oidhreachta a éascaíonn comhoibriú inbhuanaithe idir chleachtóirí gairmiúla áitiúla agus iad a thagann ar cuairt, agus an pobal i gcoitinne, ar thóir sármhaitheas cruthaitheach. | Rannóga uile Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí; Biorra 2020; Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra (BTAC). |

| | Spriocréimsí nó Spriocghrúpaí | Gníomh | Sprioc | Comhpháirtithe Féideartha |
|---|---|---|---|---|
| 1.1.11 | Féilte Ealaíon Uíbh Fhailí | Leanúint de thacaíocht d'Fhéilte Ealaíon Uíbh Fhailí Arts ar fud an chontae a fhás tríd an Scéim Deontais d'Fhéilte Ealaíon. | Tuilleadh deiseanna chun féilte ealaíon in Uíbh Fhailí a fhorbairt. | Fáilte Ireland; Féilte Ealaíon Uíbh Fhailí; Comhlachais Trachtala; Ionad Oibrithe Deonacha Uíbh Fhailí. |
| 1.1.12 | Tacaíochtaí d'Ealaíontóirí Gairmiúla | Méadú a chur ar an raon comhairle agus tacaíochta tríd an Scéim Tacaíochta d'Ealaíontóirí Gairmiúla agus leanúint de na prionsabail i mbeartas na Comhairle Ealaíon 'Íoc na hEalaíontóirí' a chur i bhfeidhm i gcomhréir le rátaí reatha agus na hacmhainní atá ar fáil. | Méadú ar líon agus éagsúlacht na nealaíontóirí gairmiúla a chónaíonn agus a chruthaíonn saothar sa chontae. | An Chomhairle Ealaíon; Ealaíontóirí Gairmiúla; Eagraíochtaí agus Ionaid Ealaíon in Uíbh Fhailí |
| 1.1.13 | Ealaíontóirí Gairmiúla agus Tacaíocht Phobail | Leanúint ar aghaidh ag tacú le pobail ar spéis leo tionscadail ealaíon ardcháilíochta agus phobalghníomhacha a fhorbairt trí Dheontais an Achta Ealaíon. | Méadú ar líon agus raon na nealaíontóirí gairmiúla a oibríonn i gcomhthéacs pobail. | Grúpaí Pobail; Líonraí Rannpháirtíochta Pobail. |



*Múrphictiúr Pobail ar bhalla Chlós Theach Cúirte Bhiorra, grianghrafadóireacht le Annie Nichol*



*Ealaín sa Tírdhreach – Féile an Athraithe, Inder Goldfinger, seinnteoir tabla, grianghrafadóireacht le Paul Moore*



*Móroíche Ealaíne na hEascrach, Glúin Cheoil agus Tolu Makay, grianghrafadóireacht le Paul Moore*

**CUSPÓIR 1.2:** Cumas a fhorbairt le comhpháirtithe seachtracha ar feadh na hearnála ealaíon in Uíbh Fhailí.

| | Spriocréimsí nó Spriocghrúpaí | Gníomh | Sprioc | Comhpháirtithe Féideartha |
|---|---|---|---|---|
| 1.2.1 | Ealaíona na nÓg agus Guth na nDaoine Óga | Leanúint ar aghaidh ag tacú le Music Generation Uíbh Fhailí. | Níos mó daoine óga rannpháirteach go gníomhach sna healaíona ar fud an chontae. | An Chomhairle Ealaíon;<br>Music Generation Uíbh Fhailí<br>Seirbhísí don Óige;<br>Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra (BTAC);<br>Esker Arts. |
| 1.2.2 | Ealaíona na nÓg agus Guth na nDaoine Óga | Comhpháirtíochtaí breise agus foinsí breise maoinithe a fhiosrú chun cláreagrú ealaíona faoi stiúir na n-óg a fhorbairt sa chontae e.g. an cláreagrú atá ann cheana a fhorbairt, lena n-áirítear; Coimisiúin na nÓg, Hullabaloo agus Mini Movies, chun freagairt go díreach do ghuth na ndaoine óga. Breithniú a dhéanamh ar shamhail rialachais mhalartach le haghaidh Hullabaloo. | Níos mó daoine óga rannpháirteach go gníomhach sna healaíona ar fud an chontae ionas go gcloisfear guth na ndaoine óga agus go gcumasófar gníomh agus tionchar agus Ealaíona na nÓg á soláthar. | An Chomhairle Ealaíon;<br>Seirbhísí don Óige;<br>Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra (BTAC);<br>Esker Arts;<br>Áiteanna Cruthaitheacha Éadan Doire |
| 1.2.3 | Forbairt Ealaíontóirí Gairmiúla | Taighde agus fiosrú ar fhoinsí maoinithe agus comhpháirtíochtaí seachtracha chun deiseanna d'fhorbairt ealaíontóirí gairmiúla a mhéadú. | Méadú ar chónaitheachtaí ealaíontóirí agus tionscadail fhéideartha le scoileanna, suíomhanna cúraim sláinte agus gnólachtaí. | Anam Beo;<br>FSS;<br>Oifigí Fiontair Áitiúil;<br>Gnólachtaí;<br>Scoileanna;<br>Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise & Uíbh Fhailí. |
| 1.2.4 | Na hEalaíona agus an tSláinte | Leanúint ar aghaidh ag éascú an chaidrimh le FSS agus le príomhpháirtithe leasmhara eile chun samhail mhaoinithe ilsnáithe le haghaidh Anam Beo a fhiosrú. | Clár Ealaíon agus Sláinte níos inbhuanaithe le haghaidh Uíbh Fhailí. | Anam Beo;<br>FSS |

| | Spriocréimsí nó Spriocghrúpaí | Gníomh | Sprioc | Comhpháirtithe Féideartha |
|---|---|---|---|---|
| 1.2.5 | Tacú le Spásanna d'Ealaíontóirí | Comhairle a chur ar fáil d'eagraíochtaí ar spéis leo spásanna d'ealaíontóirí a fhorbairt. | Níos mó spásanna do na healaíona a chur ar fáil ar fud an chontae. | Cinn éagsúla. |
| 1.2.6 | Tacú le Spásanna d'Ealaíontóirí Teach Cúirte Bhiorra | Oibriú i gcomhpháirtíocht le Biorra 2020 chun an coincheap le haghaidh Chúirt Chruthaitheach Bhiorra a fhorbairt. | Níos mó spásanna do na healaíona a chur ar fáil. | Biorra 2020 |
| 1.2.7 | Áiteanna Cruthaitheacha Éadan Doire | Leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhar le *Áiteanna Cruthaitheacha Éadan Doire*, agus maoiniú breise a lorg chun leanúint den fhorbairt ar an tionscadal. | Méadú a chur ar dheiseanna do rannpháirtíocht ealaíonta agus phobail in Éadan Doire | An Chomhairle Ealaíon; Seirbhís Leabharlainne Uíbh Fhailí; Creative Lives. |
| 1.2.8 | Féilte Ealaíon a fhorbairt | Tacú leis na Féilte Ealaíon in Uíbh Fhailí a lorgaíonn comhairle faoi fhorbairt; Esker Arts. | Cur chuige láidir agus comhordaithe ar Fhéilte Ealaíon ar fud an chontae. | An Chomhairle Ealaíon; Páirtithe leasmhara na bhFéilte Ealaíon; Birr Festivals Collective; Biorra 2020; BTAC; Ionad Oibrithe Deonacha Uíbh Fhailí; Esker Arts |
| 1.2.9 | Féilte Ealaíon a Fhorbairt le Birr Festivals Collective | Oibriú le Birr Festivals Collective chun é a fhorbairt tuilleadh agus a shamhail a chur chun cinn mar shampla de dheachleachtas. | Cur chuige láidir agus comhordaithe ar Fhéilte Ealaíon ar fud an chontae. | An Chomhairle Ealaíon; Páirtithe leasmhara Féilte Ealaíon; Birr Festival Collective; Biorra 2020; BTAC. |
| 1.2.10 | Forbairt agus Rannpháirtíocht Lucht Spéise | Oibriú le comhpháirtithe in ionaid ealaíon Uíbh Fhailí chun bealach a fhorbairt chun úsáid éifeachtach agus chomhlíontach a bhaint as sonraí lucht spéise mar bhonn eolais do straitéisí éifeachtacha margaíochta agus rannpháirtíochta áitiúla. | Méadú ar fheasacht, freastal agus rannpháirtíocht. | An Chomhairle Ealaíon; Ionaid Ealaíon Uíbh Fhailí. |





*Faoin Spéir, múrphictiúr de Amanda Nyoni ag Stáisiún Traenach Thulach Mhór le Joe Caslin, grianghrafadóireacht le Joe Caslin*

*Fir, Ceol, Gluaiseacht, Anam Beo, Teach Riada, grianghrafadóireacht le Julie Spollen*

# 2. Comhoibriú

**CUSPÓIR:** Oibriú lenár bpáirtithe leasmhara ar feadh na hearnála ealaíon chun comhpháirtíochtaí agus infheistíochtaí nua a chruthú, chun eolas agus scileanna a roinnt agus chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil.

| | Spriocréimsí nó Spriocghrúpaí | Gníomh | Sprioc | Comhpháirtithe Féideartha |
|---|---|---|---|---|
| 2.1 | Straitéis Bonneagair Ealaíon Uíbh Fhailí 2023 -2028 | Meitheal líonra a thionól mar a leagtar amach i Straitéis Bonneagair Ealaíon Uíbh Fhailí. | Comhoibriú nua i gcláreagrú, forbairt lucht spéise agus rannpháirtíocht an phobail. | Na príomhchomhpháirtithe ar fad i mbonneagar ealaíon Uíbh Fhailí. |
| 2.2 | FilmOffaly | Comhpháirtíochtaí a chruthú chun oiliúint ábhartha a fhorbairt agus a sholáthar, tuiscint a ghnóthú agus forbairt agus fás FilmOffaly a bhrú chun cinn. | Tuilleadh comhpháirtíochtaí oiliúna agus bonn scileanna feabhsaithe. | Bord FilmOffaly;<br>Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise Uíbh Fhailí;<br>ScreenSkills Ireland;<br>Tionscail Chultúir agus Chruthaitheacha Skillsnet. |
| 2.3 | Ealaíona na nÓg agus Guth na nDaoine Óga | Comhoibriú le seirbhísí áitiúla don óige, le daoine óga agus le hionaid ealaíon Uíbh Fhailí chun Fóram Ealaíon na nÓg a fhorbairt, agus tosaíocht á tabhairt do rannpháirtíocht agus ceannaireacht. | Beidh ról lárnach ag daoine óga maidir le healaíona na n-óg a fhorbairt. Tuilleadh ealaíontóirí gairmiúla ag oibriú le daoine óga. Ealaíontóirí gairmiúla a dhéanamh de níos mó daoine óga. | Seirbhísí don Óige;<br>Ionaid Ealaíon;<br>Daoine Óga. |
| 2.4 | Comh-pháirtíochtaí Comhoibríocha Seachtracha | An raon comhpháirtíochtaí atá ann cheana féin leis an Oifig Fiontair Áitiúil agus le gnólachtaí áitiúla agus ar fud earnálacha mar shampla turasóireacht, sláinte, oideachas, fiontar, etc. a fhorbairt agus a leathnú amach. | Samhail leathnaithe comhpháirtíochta agus comhoibrithe lena n-áireofar an pobal gnó i gcoitinne. | Oifig Fiontair Áitiúil agus gnólachtaí áitiúla;<br>Turasóireacht;<br>FSS;<br>Seirbhísí don Óige;<br>BOOLUF,<br>etc. |

# 3. Cumarsáid

**CUSPÓIRÍ:** Chun cainéil chumarsáide shoiléire agus éifeachtacha agus straitéisí a fhorbairt ionas go mbeidh rochtain ar fhaisnéis faoi mhaoiniú agus tacaíochtaí:

- Go mbeidh rochtain ar fhaisnéis faoi mhaoiniú, comhairle, meantóireacht agus tacaíochtaí eile;
- Go mbeidh rochtain ag ionaid, féilte agus eagraíochtaí Uíbh Fhailí lucht spéise níos leithne ina bpobail a aimsiú agus caidreamh a dhéanamh leo; agus
- Go ndéanfar méid agus tionchar na hearnála ealaíon níos leithne sa chontae a chur san áireamh agus a chur i láthair na gcinnteoirí agus an phobail i gcoitinne.

| | Spriocréimsí nó Spriocghrúpaí | Gníomh | Sprioc | Comhpháirtithe Féideartha |
|---|---|---|---|---|
| 3.1 | Beartas Cumarsáide | Beartas cumarsáide cuimsitheach a fhorbairt, agus clinicí arna reáchtáil ar fud na gCeantar Bardasach mar bhonn eolais dóibh. | Tá ealaíontóirí, eagraíochtaí ealaíon agus grúpaí pobail ar an eolas faoi na himeachtaí agus deiseanna ar fad. | Na príomhpháirtithe leasmhara ar fad. |
| 3.2 | Bailiú agus Roinnt Sonraí ag Ionaid Áitiúla | Oibriú i gcomhar le hionaid, féilte agus eagraíochtaí ealaíon in Uíbh Fhailí chun sonraí ealaíon ábhartha a bhailiú, a chur in iúl do phobail agus a úsáid. | Tá ealaíontóirí, eagraíochtaí ealaíon agus grúpaí pobail ar an eolas faoi na himeachtaí agus deiseanna ar fad. | Ionaid, féilte agus eagraíochtaí ealaíon in Uíbh Fhailí. |
| 3.3 | Rannpháirtíocht Uilechuimsitheach an Phobail | Oibriú le príomh-ionaid agus príomheagraíochtaí ealaíon agus iad a spreagadh le pobail imeallaithe nó pobail a bhfuil sé deacair iad a aimsiú a shainaithint, agus cláreagrú agus cumarsáid a dhéanamh dóibh. Breithniú a dhéanamh ar bhearta chun freastal ar uilechuimsitheacht. | Tá rochtain ag gach cuid den phobal ar na healaíona. | Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann;<br>An Chomhairle um Inimircigh in Éirinn;<br>Gluaiseacht Taistealaithe Uíbh Fhailí;<br>Jigsaw Uíbh Fhailí;<br>Cumann Uíbh Fhailí do Dhaoine faoi Mhíchumas Intleachtúil;<br>Aoisbhá Uíbh Fhailí;<br>SICAP agus tuilleadh. |

| | Spriocréimsí nó Spriocghrúpaí | Gníomh | Sprioc | Comhpháirtithe Féideartha |
|---|---|---|---|---|
| 3.4 | An Ghaeilge | Oibriú le príomh-ionaid agus príomheagraíochtaí chun cláreagrú do na healaíona trí mheán na Gaeilge a dhéanamh agus a chur chun cinn. | Is féidir le tuilleadh ealaíontóirí áitiúla oibriú trí mheán na Gaeilge. Is féidir le tuilleadh daoine páirt a ghlacadh sna healaíona trí mheán na Gaeilge. Tá rochtain ag gach cuid den phobal ar na healaíona. | Pobal áitiúil na Gaeilge; Gníomhaireachtaí náisiúnta, mar shampla Cumann na bhFiann, Foras na Gaeilge, an tOireachtas, Conradh na Gaeilge; Gaelscoileanna. |
| 3.5 | Líonraí Ealaíon | Ionaid, eagraíochtaí agus grúpaí pobail a spreagadh, agus tacú leo, chun líonraí a fhorbairt agus a choinneáil ar bun, agus chun a gcuid oibre a chur faoi bhráid cosantóirí agus tacadóirí féideartha san Údarás Áitiúil agus in áiteanna eile. | Faightear amach cad é tionchar na hearnála ealaíon níos leithne sa chontae agus cuirtear é sin faoi bhráid lucht cinnteoireachta agus an phobail i gcoitinne. | Na príomhpháirtithe leasmhara ar fad; Ionadaithe tofa; Bainistíocht Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí. |
| 3.6 | Próifíl na nEalaíon in Uíbh Fhailí a ardú | Na healaíontóirí agus na healaíona in Uíbh Fhailí a chur chun cinn i measc na bpáirtithe leasmhara áitiúla agus náisiúnta ábhartha ar fad tríd an Straitéis Ealaíon a chur i bhfeidhm. Oibriú go réamhghníomhach agus go comhoibríoch le gníomhaireachtaí náisiúnta chun tionscadail agus comhoibriú a chur i gcrích de réir mar a thagann deiseanna chun cinn, e.g. Oíche Chultúir, Éire Ildánach, etc. | Tuilleadh feasachta ar bhonn náisiúnta faoi na healaíona in Uíbh Fhailí. | Na príomhpháirtithe leasmhara ar fad. |


*An Méid a Fheiceann an tSúil, tionscadal ealaíontóra sa phobal, Anam Beo, grianghrafadóireacht le Rowena Keavney*


*Coimisiún le hEalaíontóir Óg, Glúin Cheoil Uíbh Fhailí, i gcomhar leis an Ealaíontóir Cónaitheach, Tolu Makay, Coláiste Thulach Mhór, grianghrafadóireacht le Ger Relph*


*Déanamh Carnabhal sa tSean-Phictiúrlann, Biorra, grianghrafadóireacht le Caoimhe Dunn*


*Ealaín sa Tírdhreach – Féile an Athraithe, Céilí Bhangra, grianghrafadóireacht le Paul Moore*

# Cur i bhFeidhm, Monatóireacht agus Meastóireacht

Dearadh an Straitéis seo le bheith ina treoir ardleibhéil chun an earnáil ealaíon níos leithne ar fud an chontae a fhorbairt. Tá sí bunaithe ar na héachtaí atá bainte amach ag na healaíontóirí agus na heagraíochtaí ealaíon i gcomhar leis an Oifig Ealaíon ar fud an chontae le cúig bliana anuas. Leagtar amach inti fís uileghabhálach do na healaíona in Uíbh Fhailí, aithnítear roinnt réimsí agus gníomhartha tosaíochta, agus leagtar amach an bealach a bhainfear amach an misean thar shaolré an phlean straitéisigh trí ghníomhartha ar leithligh a shainmhínítear mar Spriocréimsí nó Spriocghrúpaí, Gníomhartha, Spriocanna agus Comhpháirtithe Féideartha.

Leis an straitéis seo, suitear an Oifig Ealaíon mar chomhpháirtí straitéiseach i bhforbairt ealaíontóirí, eagraíochtaí ealaíon agus féilte ar fud an chontae. An ról atá aici ná oibriú lena comhpháirtithe san Údarás Áitiúil, le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus le healaíontóirí, eagraíochtaí ealaíon agus féilte, chun cumas a fhorbairt agus uaillmhian a chothú ar fud an chontae trí chláir ealaíon, féilte agus cleachtais rannpháirtíochta pobail a chruthú, a chláreagrú agus a bhainistiú.

Cuid lárnach de chumas a fhorbairt is ea comhoibriú agus líonrú idir ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon, agus idir an earnáil ealaíon níos leithne agus na pobail ghnó, oideachais, seirbhísí don óige, sláinte, oidhreachta agus turasóireachta agus áitiúla.

Chun cumas faoi stiúir an chomhoibrithe a fhorbairt, éilítear cumarsáid shoiléir agus straitéiseach agus pléifidh an Oifig Ealaíon le cumarsáid a dhéanamh ionas go mbeidh ealaíontóirí, eagraíochtaí ealaíon, féilte agus eagraíochtaí pobail ar an eolas faoi dheiseanna go tráthúil; oibreoimid lena gcomhpháirtithe chun a gcleachtais chumarsáide agus chaidrimh a fhorbairt agus le go n-aimseofar an méid is mó daoine agus is féidir, agus oibreoimid lenár gcomhpháirtithe chun cleachtas bailithe sonraí láidir a fhorbairt ar fud na hearnála chun an cás is láidre is féidir a dhéanamh do na healaíona ar fud an chontae.

Beidh straitéis chuimsitheach cumarsáide de dhíth chun an gréasán casta comhpháirtíochtaí seo a bhainistiú, chun comhoibriú a bhainistiú, tacú le líonraí a fhorbairt, agus cumarsáid shoiléir agus éifeachtach a chinntiú.

Déanfaidh an Oifig Ealaíon formhaoirseacht, i gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara, ar bhaint amach na straitéise ealaíon cúig bliana seo, straitéis a chuirfear i bhfeidhm trí phleananna oibríochtúla cúig bliana a sanntar buiséad agus acmhainní dóibh i gcomhréir leis na hacmhainní a leithdháiltear ina leith, a ndéantar monatóireacht agus meastóireacht ar a dtorthaí agus a bhfoilsítear iad i dTuarascáil Bhliantúil na hOifige Ealaíon chuig Comhairle Chontae Uíbh Fhailí.

Beidh na pleananna oibríochtúla sin mar bhonn eolais do na hidirghabhálacha straitéiseacha sin a éilíonn pleanáil níos fadtéarmaí agus leibhéal níos airde infheistíochta.

# Conclúid

Is doiciméad beo í an straitéis seo a aithníonn go dtagann straitéis chun cinn le himeacht ama, sa chleachtas. Le bheith curtha i bhfeidhm go rathúil, éilítear cur chuige comhdhlúite agus comhoibríoch, ar bhonn idir-rannach laistigh de Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí; laistigh de na heagraíochtaí ealaíon, féilte agus grúpaí pobail ar fud an chontae, agus idir iad sin agus ealaíontóirí; idir an Oifig Ealaíon agus an earnáil níos leithne; agus idir comhpháirtithe áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a chuireann le fís na straitéise.

## Buíochas

Tugann Comhairle Chontae Uíbh Fhailí aitheantas do na daoine, ealaíontóirí, daoine óga, eagraíochtaí ealaíon, grúpaí pobail agus soláthróirí seirbhísí ar fad a thug a gcuid ama go flaithiúil chun páirt a ghlacadh i gcruinnithe comhairliúcháin, agus a chuidigh le straitéis ealaíon chúig bliana Uíbh Fhailí, 2024–2028, a fhorbairt.

*Buíochas faoi leith:*

- Ionadaithe tofa Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí
- Comhaltaí an Choiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Pobal, Cultúr agus Seirbhísí Éigeandála
- Anna Marie Delaney, Príomhfheidhmeannach, agus baill foirne na hArdbhainistíochta i gComhairle Chontae Uíbh Fhailí
- An Chomhairle Ealaíon



*Oíche Chultúir 2023, Ealaíona na hEascrach, grianghrafadóireacht le Paul Moore*



*Ceardlann ealaíontóra, Clós Theach Cúirte Bhiorra, grianghrafadóireacht le Laura Angell*



*Nithe Beo Neamhbheo, Anam Beo, ealaíontóirí sa phobal i gcomhar le Cumann Ceamaradóireachta Thulach Mhór, grianghrafadóireacht le Veronica Nicholson*

Consciously designed by **TheFACTORY.ie**

# POBAIL A CHEILIÚRADH TRÍ CHRUTHAITHEACHT



## Straitéis Ealaíon Uíbh Fhailí 2024–2028

Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

the arts council
an chomhairle ealaíon
funding the arts

*Ealaín sa Tírdhreach – Féile an Athraithe, Taibhléiriú Solais agus Damhsa le Hardeep Singh Sahota i bPáirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí, Dealbh: Traein Spéire, Michael Bulfin, grianghrafadóireacht le Tim Smith*